

Tuarascáil Bhliantúil Cuid 2



2020

Rialachas Corparáideach agus Ráitis Airgeadais

Taighde.
Fianaise.
Gníomh.

Arna foilsú ag:

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath

© An Bord Taighde Sláinte 2020

ISSN: 0791 220X

Is féidir cóipeanna den tuarascáil seo

a fháil ó:

An Bord Taighde Sláinte

Teach Grattan

67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

D02 H638

Éire

t 353 1 234 5000

f 353 1 661 2335

r hrb@hrb.ie

sg www.hrb.ie

Clár na nÁbhar

Baincéirí, Dlídóirí, Iniúchóirí	2
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	4
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	12
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	16
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta	19
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil	20
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	21
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	22
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	23

1



**Baincéirí,
Dlíodóirí,
Iniúcháirí**

Baincéirí

Banc na hÉireann
Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 Y754

Dlíodóirí

Ballagh Solicitors
17-18 Páirc Oifigí Áth an Ghainimh
Baile Átha Cliath 18

Iniúcháirí

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

2



Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Rialachas

Bunaíodh Bord an Bhord Taighde Sláinte (BTS) faoin Ordú um Bord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh. 279 de 1986) arna leasú.

Tá feidhmeanna an BTS leagtha amach in Alt 4 den ionstraim reachtúil sin. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann sé an tasc sin ach cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomhshaincheist.

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an Fhoireann Fheidhmiúcháin atá freagrach as rialú bainistíochta agus treorú an BTS ó lá go lá. Is gá don POF agus don Fhoireann Feidhmiúcháin an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus is gá dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na gníomhaíochtaí agus na cinntí lárnacha a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an BTS.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar Rialachais an BTS, ina dtugtar freisin na nithe a choimeádtar lena gcinneadh ag an mBord. Seo a leanas cuid de na saincheistean a bhíonn á bplé ag an mBord:

- Dearbhú leasanna
- Gairmeacha nua ar scéimeanna dámhachtana taighde
- Faomhadh moltaí ó phainéil roghnúcháin maidir le dámhachtainí
- Athbhreithniú ar mhórdámhachtainí
- Athbhreithniú ar fhoilseacháin staitistiúla agus ar fhianaise
- Athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm straitéisí
- Tuarascálacha ó choistí.

Faoi Alt 27 den Ordú um Bord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh. 279 de 1986), arna leasú, éilítear ar Bhord an BTS na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh agus a chaithfidh sé a choimeád, i gcibé fhoirm a cheadódh an tAire Sláinte le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar Bhord an BTS:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfar ar aghaidh le feidhmiú an BTS
- A rá cibé ar leanadh caighdeán chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna bhfógairt agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá freagracht ar an mBord as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon tráth an staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 27 den Ordú um Bord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh. 279 de 1986) arna leasú. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an BTS.

Tá freagracht ar an mBord as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an BTS trí thagairt don phlean agus buiséad bliantúil ag cruinniú an Bhoird ar an 14 Feabhra 2020.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a chur i bhfeidhm chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is é tuairim an Bhoird go dtugann ráitis airgeadais an BTS léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an BTS amhail ar an 31 Nollaig 2020.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach, agus naonúr gnáthchomhalta, iad go léir ceaptha ag an Aire Sláinte, ar an mBord. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana agus casann siad le chéile tuairim is seacht n-uaire gach bliain. Sa tábla thíos tá sonraí maidir leis an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí an Bhoird a bhí sa ról ar an 31 Nollaig 2020:

Comhalta Boid	Ról	Dáta a ceapadh don Bhord / Dáta éirithe as
An tOllamh Jane Grimson *	Cathaoirleach	5 Samhain 2015–Éirithe as ar an 4 Samhain 2020
An Dr Tracy Cunningham	Gnáthchomhalta	15 Iúil 2019
An tOllamh Seamas Donnelly	Gnáthchomhalta	15 Iúil 2019
An tOllamh Tom Fahey	Gnáthchomhalta	18 Eanáir 2018
An tOllamh Bernie Hannigan **	Gnáthchomhalta	5 Samhain 2020 (don dara téarma)
An Dr Mairead Harding	Gnáthchomhalta	18 Eanáir 2018
An tUas. John McCormack	Gnáthchomhalta	12 Meitheamh 2015 Éirithe as ar an 11 Meitheamh 2020
An tOllamh Charles Normand	Gnáthchomhalta	5 Samhain 2020 (don dara téarma)
An Dr Marion Rowland	Gnáthchomhalta	12 Meitheamh 2015 Éirithe as ar an 11 Meitheamh 2020
An Dr Susan Steele	Gnáthchomhalta	18 Eanáir 2018

*Ceapadh an tOllamh Jane Grimson ina Cathaoirleach ar an 5 Feabhra 2018.

** Ceapadh an tOllamh Bernie Hannigan mar Chathaoirleach ar an 26 Aibreán 2021 agus bhí sí ina Cathaoirleach Eatramhach i ndiaidh don Ollamh Grimson éirí as.

Tá dhá choiste bunaithe ag an mBord mar seo a leanas:

- An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca** ar a raibh ceathrar comhaltaí den Bhord le linn 2020. An ról atá ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ná tacú leis an mBord ina chúraimí maidir le riosca, rialúchán agus rialachas agus leis an ngealltanas a bhaineann leo. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tugann an CIR tuairisc don Bhord i ndiaidh gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca i rith 2020 ná an tOllamh Charles Normand (cathaoirleach); an Dr Tracy Cunningham, an Dr Mairead Harding; an Dr Susan Steele agus Martin Higgins (Seachtrach). Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca i rith 2020.

2. **An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luacha Saothair (CFBLS).** Is é ról an choiste ná maoirseacht a dhéanamh ar earcú, roghnúchán, luach saothair agus breithmheas feidhmíochta an POF. Feidhmíonn an Coiste mar ghrúpa sainchomhairleoireachta don Phríomhfheidhmeannach freisin, i ndáil le hathbhreithniú ar fheidhmíocht agus forbairt na Foirne Feidhmiúcháin agus pleanáil do chomharbas bainistíochta san eagraíocht.

Ba iad comhaltaí an Choiste i rith 2020 ná an tOllamh Jane Grimson (Cathaoirleach) (éirithe as ar an 4 Samhain 2020); an tOllamh Tom Fahey; an tOllamh Bernie Hannigan; an tUas. John McCormack (éirithe as ar an 11 Meitheamh 2020); an Dr Marion Rowland (éirithe as ar an 11 Meitheamh 2020). Tháinig an Coiste le chéile uair amháin le linn 2020.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas

Leagtar amach thíos sceideal maidir leis an bhfreastal ar chruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2020, lena n-áirítear na táillí agus costais a fuair gach comhalta:

	Bord	Coiste Iniúchta & Riosca	Coiste Forbartha Bainistíochta & Luacha Saothair	Táillí 2020 €	Costais 2020 €
Líon na gCruinnithe	7	4	1	-	-
An tOllamh Jane Grimson*	5	-	1	€10,908	-
An Dr Tracy Cunningham	7	4	-	€12,396	-
An tOllamh Seamas Donnelly	7	-	1	-	-
An tOllamh Tom Fahey	7	-	1	-	-
An tOllamh Bernie Hannigan	7	-	1	€7,695	€185
An Dr Mairead Harding	7	4	-	-	-
An tUas. John McCormack**	3	-	1	€3,472	-
An tOllamh Charles Normand	7	4	-	-	-
An Dr Marion Rowland	3	-	1	-	-
An Dr Susan Steele	4	3	-	-	-

* D'éirigh an tOllamh Grimson as de réir uainíochta ar an 4 Samhain 2020

** D'éirigh Mr McCormack agus Dr Rowland as de réir uainíochta ar an 11 Iúil 2020

Na Príomhathruithe Pearsanra

D'éirigh an Dr Darrin Morrissey as post an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ar an 31 Bealtaine 2020. Ceapadh an Dr Mairéad O'Driscoll mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 1 Iúil 2020.

D'éirigh an tOllamh Jane Grimson as post an Chathaoirligh ar an 4 Samhain 2020 agus ceapadh an tOllamh Bernie Hannigan mar Chathaoirleach ar an 26 Aibreán 2021. Ceapadh an Dr Clóna Saidléar, an Dr Julie Ling agus an Dr Terry McWade don Bhord ar an 9 Aibreán 2021.

Fógairt a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá freagracht ar an mBord as a chinntiú go gcomhlíonann an BTS riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear an fhógairt seo a leanas faoin gCód.

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Raon		Líon Fostaithe	
Ó	Go	2020	2019
€60,000	– €69,999	9	10
€70,000	– €79,999	4	2
€80,000	– €89,999	12	10
€90,000	– €99,999	6	6
€100,000	– €109,999	1	2
€110,000	– €119,999	1	–
€130,000	– €139,999	1	–
€140,000	– €149,000	–	1

Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna ‘gnó mar is gnách’ seachtracha.

	2020 €	2019 €
Comhairle dlí	40,058	96,625
Comhairle airgeadais	31,454	22,177
Acmhainní daonna	23,004	29,865
Costais straitéise	80,654	148,722
Eile	6,385	9,061
Costais chomhairleachta iomlána	181,555	306,450
Costais chomhairleachta chaipitlithe	–	–
Costais chomhairleachta a ghearrtar ar an loncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí loncaim coimeádta	181,555	306,450
Iomlán	181,555	306,450

Costais agus Socrúcháin Dhlíthiúla

Níor thabhaigh an BTS aon chostais i rith 2020 nó 2019 i ndáil le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe. Nochtar caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair an BTS sna costais chomhairleachta.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar catagóiriú ar chaiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

	2020 €	2019 €
Baile		
- Bord*	185	1,756
- Fostaithe	7,012	28,201
Idirnáisiúnta		
- Bord	-	-
- Fostaithe	15,814	33,863
Iomlán	23,011	63,820


*lena n-áirítear costais taistil agus chothabhála €185 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2020 (2019: €1,099 – baineann an €657 eile le caiteachas a d'íoc an BTS ar son chomhaltaí an Bhoird)

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear leis an gCuntas loncainm agus Caiteachais an caiteachas ar fháilteachas seo a leanas do bhaill foirne, do chomhaltaí an Bhoird agus do phainéil roghnúcháin agus athbhreithnithe €3,294 (2019: €37,142)

Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun a chinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Bhí an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh go hiomlán ag an BTS in 2020.



An tOllamh Bernie Hannigan
Cathaoirleach
30 Samhain 2021

3



Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann an Bhoird Taighde Sláinte, aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú. Áirítear leis an bhfreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach leagtha amach chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas chun deireadh a chur leis. Ar an ábhar sin, níl ar chumas an chórais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a sholáthar go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhord Taighde Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 agus suas leis an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

Cumas maidir le Riosca a Láimhseáil

Le linn 2020 bhí Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag an mBord Taighde Sláinte a bhí comhdhéanta de cheathrar comhaltaí Boird, comhalta amháin a bhí mar Chathaoirleach agus comhalta seachtrach amháin agus taithí maidir le hairgeadas agus iniúchadh ag an duine sin. Tháinig an CIR le chéile ceithre huairé i rith 2020.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánach bunaithe ag an mBord Taighde Sláinte freisin. Tá acmhainní leordhóthanach aici agus tugtar faoi chlár oibre arna chomhaontú leis an CIR fúithi.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ina leagtar amach an inghlacthacht riosca atá aige, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina mionsonraítear ról

agus freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Tugadh cóip den pholasáí do gach ball foirne a cheaptar a bheidh ag obair laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca an Bhoird Taighde Sláinte, chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus chun laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialacháin laistigh dá réimse oibre féin.

An Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord Taighde Sláinte lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistithe a dtugtar fúthu chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, más féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh an mBord Taighde Sláinte agus tá siad sin aitheanta agus measta agus tugadh grád dóibh de réir a dtábhachta. Déanann an CIR athbhreithniú ar an gclár ag gach cruinniú. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Tugann an clár rioscaí mionsonraí faoi na rialúcháin agus gníomhartha is gá leo chun rioscaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht as oibriú rialúcháin arna sannadh ar bhail foirne faoi leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Tá na nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó taifeadta
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach i bhfeidhm
- Tá córas buiséadaithe cuí ann agus buiséad bliantúil atá faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearach
- Tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na faisnéise agus na gcóras teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú

- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint
- Tá nósanna imeachta rialaithe ann maidir le maoiniú deontas a thugtar do ghníomhaireachtaí seachtracha a chinntíonn rialú leordhóthanach ar cheadú deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar fhaighteoirí deontas lena chinntiú go n-úsáidtear maoiniú deontais chun na críche atá beartaithe.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialúcháin agus cuirtear easnaimh rialúcháin in iúl do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha sin, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- Táthar tar éis na príomhrioscaí agus na rialúcháin bhainteacha a shainaithint, agus próisis a chur i bhfeidhm chun feidhmiú na rialúchán lárnach sin a mhonatóiriú agus tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a shainaithnítear
- Tá socruithe maidir le tuairisciú curtha i bhfeidhm ag na leibhéil uile, ina bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil, agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Taighde Sláinte lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar, agus gur chloígh an Bord Taighde Sláinte leis na nósanna imeachta sin i rith 2020. Tá ceisteanna a éiríodh maidir le rialuithe

ar sholáthar aibhsithe thíos faoin teideal “Saincheisteanna maidir le Rialúchán Inmheánach”.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ibhfeidhm ag an mBord Taighde Sláinte chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialúcháin. Tugtar faisnéis chúlra do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú an Bhoird Taighde Sláinte ar éifeachtacht an chórais rialúcháin airgeadais inmheánaigh le hobair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre. Tá lucht bainistíochta sinsearach an Bhoird Taighde Sláinte freagrach as an gcreat rialúcháin airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialúchán inmheánach le haghaidh 2020. Ní raibh ar an mBord Taighde Sláinte dul i ngleic le haon saincheisteanna suntasacha ina raibh air athruithe a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha mar gheall ar an bpaindéim COVID-19.

Saincheisteanna maidir le rialúchán inmheánach

Tá gá le ceadú roimh ré ón Roinn Sláinte chun airgead a sholáthar don deontaí roimh an caiteachas a bheith tabhaithe. Tá an Bord Taighde Sláinte ag fanacht ar fhógra foirmiúil an cheada sin ón Roinn Sláinte.

Ní raibh aon cheadú i bhfeidhm ag an mBord Taighde Sláinte do 2020. Tá an Bord Taighde Sláinte ag obair i gcomhar leis an Roinn Sláinte chun comhlíonadh a chinntiú amach anseo.

Le linn 2020, tabhaíodh caiteachas €252,129 ar earraí agus seirbhísí ó dhá sholáthraí agus sna cásanna sin níor chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh na treoirlínte maidir le soláthar. Sa dá chás bhain siad le soláthairtí breise ar chonradh roimhe sin fad

is a bhí iomaíocht ar siúl maidir le conradh nua a bhronnadh. Tá creat-chomhaontuithe i bhfeidhm anois don dá sheirbhís.

Níor aithníodh aon laigí eile maidir le rialú inmheánach i ndáil le 2020 nach mór af hógairt sna ráitis airgeadais.

Freagairt ar COVID-19 – Foireann

Bhí freagairt réamhghníomhach ar an mBord Taighde Sláinte (BTS) maidir leis an ngá a bhí ann do bhaill foirne obair ón mbaile. Ba mhór an chabhair é go raibh bonneagar TF aibí i bhfeidhm agus mar sin bhí an fhoireann in ann obair ón mbaile arbhealach sábháilte agus slán.

Bhí an BTS in ann athrú go tapa nuair a bhí ar an bhfoireann ar fad obair ón mbaile. Thugamar tacaíocht dóibh siúd a theastaigh trealamh uathu chun a gcuid oibre a dhéanamh i gceart agus chuireamar scáileáin, printéirí agus deasca ar fáil nuair a bhí gá leis.

Cuireadh béim ar leith ar fholláine foirne agus i mí Dheireadh Fómhair 2020, choimisiúnaigh an BTS Public Affairs Ireland (PAI) chun na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- Suirbhé a dhearadh agus a thabhairt don fhoireann maidir le folláin agus a bheith ag obair ón mbaile le linn phaindéim COVID-19
- Anailís a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé agus tuairisc a chur le chéile ar mholtaí d'fhoireann fheidhmiúcháin an BTS, ionas go mbeadh an BTS in ann idirghabhálacha a dhearadh chun dul i ngleic leis na riachtanais a tháinig chun cinn sa suirbhé.

Chomh maith le torthaí an tsuirbhé, choimeád an BTS súil leanúnach ar threoirlínte ón Roinn Sláinte/ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun leanúnachas leis an tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne a chinntiú.

Freagairt ar COVID-19 – Dámhachtainí Taighde

De bharr phaindéim COVID-19, bhí dúshlán ar leith ann don chóras sláinte, don tsochaí agus don gheilleagar agus bhí gá le freagairt

ilghnéitheach agus shofhreagrúil agus leis an gcumas cinntí eolacha a dhéanamh i bhfíor-am. Sa chomhthéacs seo, bhí sé (agus tá sé fós) rithábhachtach d'fhreagairt pholasaí go mbeadh fianaise agus faisnéis thráthúil ar ardchaighdeán á soláthar mar eolas i dtaca le cinntí.

Ó thús na paindéime, d'úsáid an BTS a shaineolas agus a mhaoiniú chun cur leis an iarracht náisiúnta dul i ngleic le COVID-19. Chomh maith le tús áite a thabhairt d'aon mhaoiniú a bhí ar fáil agus é a chur leis an ngéarchéim COVID-19, d'oibrigh an BTS in éineacht le taighdeoirí agus institiúidí a bhfuil freagracht acu as deontais mhóra bonneagair, deontais líonra agus staidéir fhadaimseartha chun iad a spreagadh agus a chumasú a gcuid gníomhaíochtaí a sheoladh chomh fada agus is féidir leo maidir leis an bhfreagairt ar COVID-19. Chomh maith leis sin, d'éirigh leis an BTS maoiniú breise bainteach le COVID-19 a fháil ón Roinn Sláinte le linn 2020 agus é a úsáid chun dul i ngleic le tosaíochtaí ar leith.

Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha

Rinne an BTS nochtadh cáilitheach neamhspreagtha do na Coimisinéirí Ioncaim faoin "gCód Cleachtas d'Iniúchadh Ioncaim". Ba fhéincheartú é an nochtadh cáilitheach neamhspreagtha seo do na blianta 2016-2019 agus tharla sé de bharr athruithe ar an gcaoi a dhéileáiltear, ó thaobh cánach, le híocaíochtaí do chomhaltaí painéil. In 2020, d'íoc an BTS socrúchán íocaíochta de €109,238 leis na Coimisinéirí Ioncaim agus ceartaíodh na próisis a úsáidtear chun íocaíochtaí a dhéanamh le comhaltaí painéil. Clúdaíodh 2016, 2017, 2018 agus 2019 leis an socraíocht seo. Bhí an méid a íocadh déanta suas de €806 i bpionóis, ús de €18,469 agus cáin de €89,963.



An tOllamh Bernie Hannigan
Cathaoirleach
30 Samhain 2021



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Health Research Board

Qualified opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Health Research Board for the year ended 31 December 2020 as required under the provisions of section 5 of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of capital income and expenditure
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, except for the non-compliance with the requirements of FRS 102 in relation to retirement benefit entitlements referred to below, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Health Research Board at 31 December 2020 and of its income and expenditure for 2020 in accordance with FRS 102.

Basis for qualified opinion

In compliance with the directions of the Minister for Health, the Health Research Board accounts for the costs of retirement benefit entitlements only as they become payable. This does not comply with FRS 102 which requires that the financial statements recognise the full cost of retirement benefit entitlements earned in the period and the accrued liability at the reporting date. The effect of the non-compliance on the Health Research Board's financial statements for 2020 has not been quantified.

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Health Research Board and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Health Research Board has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report including the governance statement and Board members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Andrew Harkness
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
3 December 2021

Appendix to the report

Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under article 21 of the Health Research Board (Establishment) Order 1986
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 5 of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993 to audit the financial statements of the Health Research Board and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Board's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Board to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

4



Ráitis Airgeadais 2020

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
IONCAM			
Deontas Ioncaim ón Roinn Sláinte (Vóta 38 B.1)		38,840,430	35,732,042
Maoiniú Taighde Eile	2	5,242,144	2,943,571
Ioncam Eile		3,152	13,894
		44,085,726	38,689,507
CAITEACHAS			
Déileáil le dúshláin mhóra sláinte	3	9,272,346	12,897,898
Tacú le hidirghabhálacha cúraim sláinte	4	8,828,678	8,965,588
Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann	5	14,601,991	7,102,326
Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla	6	4,701,055	4,019,533
Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú	7	2,683,328	1,825,956
Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú	8	4,006,890	3,924,060
	9	44,094,288	38,735,361
BARRACHAS/(EASNAMH) Roimh Leithreasáí		(8,562)	(45,854)
Aistriú Méid Leithdháilte go Cúlchiste Caipitil chun Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú		(9,119)	(26,361)
BARRACHAS/(EASNAMH) i ndiaidh Leithreasáí		(17,681)	(72,215)
Cúlchiste Ioncaim ar 1 Eanáir		(515,947)	(443,732)
CÚLCHISTÍ IONCAIM AMHAIL AN 31 NOLLAIG		(533,628)	(515,947)

Níl aon ghnóthachain ná cailteanais ag an mBord seachas na cinn a ndéileáiltear leo sna ráitis ioncaim agus chaipitil ar ioncam agus caiteachas. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 30.



An tOllamh Bernie Hannigan
Cathaoirleach
30 Samhain 2021



An tOllamh Charles Normand
Comhalta Boird

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
IONCAM			
Deontas Caipitiúil an Roinn Sláinte (Vóta 38 B.1)		9,741,690	8,647,443
Amúchadh an chuntais ciste chaipitiúil		117,450	152,337
		9,859,140	8,799,780
CAITEACHAS			
Tacú le hidirghabhálacha cúraim sláinte	14	1,747,361	1,696,980
Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann	15	1,059,561	1,064,370
Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla	16	3,081,056	3,431,300
Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú	17	3,702,337	2,383,085
Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú	18	133,190	44,046
Breiseanna le sócmhainní seasta		18,185	27,663
Dímheas	19	117,450	152,758
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		-	(422)
		9,859,140	8,799,780
BARRACHAS/(EASNAMH) DON BHLIAIN		-	-

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 30.



An tOllamh Bernie Hannigan
Cathaoirleach
30 Samhain 2021



An tOllamh Charles Normand
Comhalta Boird

Ráiteas ar Staid an Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Réadmhaoin, Fearas & Trealamh	19	68,463	158,609
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Infháltais	20	1,168,359	1,052,847
Infheistíochtaí	21	641	641
Airgead sa bhanc agus ar láimh	25	232,109	119,686
		1,401,109	1,173,174
DLITEANAIS REATHA			
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:			
Suimeanna Iníochta	22	1,510,896	1,219,523
		1,510,896	1,219,523
GLAN-(DLITEANAIS)/SÓCMHAINNÍ REATHA		(109,787)	(46,349)
DLITEANAIS FADTÉARMACHA			
Méideanna dlite tar éis bliain amháin:			
Suimeanna Iníochta	23	423,323	469,079
		423,323	469,079
IOMLÁN NA nGLAN-SÓCMHAINNÍ		(464,647)	(356,819)
A SHEASANN DO			
Chúlchistí Ioncaim Coimeádta		(533,628)	(515,947)
Cúlchiste Caipitil	24	68,981	159,128
		(464,647)	(356,819)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 30.



An tOllamh Bernie Hannigan
Cathaoirleach
30 Samhain 2021



An tOllamh Charles Normand
Comhalta Boird

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍÚCHÁIN			
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		(17,681)	(72,215)
Coigeartú ar an bhfigiúir Easnaimh le haghaidh Dímhéasa (Méadú)/Laghdú ar Infháltais		117,450	152,758
Méadú/(Laghdú) ar nithe Iníoctha		(115,513)	(158,571)
Amúchadh an Chúlchiste Chaipitiúil		245,617	(31,888)
Méid Leithdháilte chun Breiseanna Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú		(117,450)	(152,758)
Ús Bainc Faighte		27,304	54,023
		-	-
GLAN-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍÚCHÁIN		139,727	(208,651)
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Méid Leithdháilte chun Breiseanna Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú		(27,304)	(53,603)
GLAN-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA		(27,304)	(53,603)
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINIÚCHÁIN			
Ús Bainc Faighte		-	-
GLAN-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINIÚCHÁIN		-	-
LAGHDÚ GLAN AR AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID		112,423	(262,253)
RÉITEACH AIRGID THIRIM AGUS CHOIBHÉISÍ AIRGID THIRIM TOSAIGH GO DEIRIDH			
Airgead tirim sa bhanc amhail ar an 1 Eanáir		119,686	381,939
Airgead tirim sa bhanc amhail ar an 31 Nollaig		232,109	119,686
GLUAISEACHT AIRGID THIRIM DON BHLIAIN	25	112,423	(262,253)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na polasaithe cuntasaíochta suntasacha a ghlac an Bord Taighde Sláinte. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe.

a. Eolas Ginearálta

Bhunaigh an tAire Sláinte, agus na cumhachtaí a tugadh dó le hAlt 3 den Acht Sláinte (Comhlachtaí Corparáideacha) 1961 (Uimh. 279 de 1961) á n-úsáid aige, an Bord Taighde Sláinte faoi Ordú Bunaithe in 1986.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Bhoird Taighde Sláinte, arna leagan amach i gcuid a ceathair d'lonstraim Reachtúil Uimh. 297:

- Taighde sláinte a spreagadh, cuidiú leis, é a choimisiúnú nó a stiúradh chun sláinte a fheabhsú agus éifeachtúlacht na seirbhísí sláinte a mhéadú
- Córais faisnéise sláinte a chothabháil, a fhorbairt nó tacú leo chun críocha taighde agus an fhianaise a sholáthar le haghaidh polasaí agus seirbhísí sláinte
- Dul i gcomhairle le agus comhoibriú le comhlachtaí taighde eile sa Stát agus lasmuigh den Stát chun taighde cuí a chur chun cinn, a choimisiúnú agus a dhéanamh
- Teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí eile faisnéise sláinte sa Stát agus, nuair is cuí, lasmuigh den Stát maidir le córais faisnéise sláinte a fhorbairt agus tacú leo.

b. Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Taighde Sláinte don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

c. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir na riachtanas arna leagan síos ag an Aire Sláinte. Le hordú ón Aire níl aon soláthar déanta maidir le sochair is iníoctha faoin Scéim Aoisliúntas Rialtais Áitiúil arna hoibriú ag an BTS. Tugtar cuntas ar an gcaiteachas ó thaobh réimsí fócais straitéiseacha, cumasóirí agus cuspóirí de.

d. Ioncam – Ioncam a aithint

Cuirtear Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte chun sochar an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta ar bhonn fáiltas airgid thirim. Déantar cuntas ar Dheontais Chaipitil ar bhonn fabhrúithe. Aithnítear an maoiniú taighde eile go léir mar ioncam nuair a úsáidtear é chun caiteachas comhoiriúnaithe a fhritháireamh. Áirítear ar mhaoiniú den sórt sin ranníocaíocht i dtreo chostais riaracháin an Bhoird. Aithnítear ioncaim úis ar bhonn fabhrúithe. Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhrúithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

e. Caiteachas a Aithint

Aithnítear maoiniú do dhámhachtainí taighde mar chaiteachas sa tréimhse ina mbíonn sé le hóc le sealbhóir na dámhachtana faoi théarmaí an chonartha. Déantar aisíocaíochtaí deontais a ghlanluacháil in aghaidh caiteachais ar dheontais sa bhliain a fhaightear iad. Aithnítear gach caiteachas eile ar bhonn fabhrúithe.

Is gealltanais conarthach idir an Bord Taighde Sláinte agus Institiúid Óstaigh faomhaithe é dámhachtain d'fhonn maoiniú a sholáthar do chlár taighde sonrúithe arna mhaoiniú le deontas nó chun príomh-shócmhainn taighde a fhorbairt. Nochtar i nóta 27 méideanna a bheidh iníoctha sna blianta amach romhainn i ndáil le gealltanais chonartha maidir le dámhachtainí taighde atá ann cheana féin.

Déantar anailís ar chaiteachas de réir na réimsí fócais agus na gcumasóirí arna leagan amach i dTaighde Straitéis an BTS 2016 – 2020. Fianaise. Gníomh.

Rinneadh athstruchtúrú ar thaifid airgeadais an BTS chun Straitéis an BTS 2016 – 2020 a léiriú. Déantar caiteachas, lena n-áirítear maoiniú do dhámhachtainí taighde, a mhuirearú don réimse straitéiseach ábhartha ina dtabhaítear an caiteachas. Déantar cuntas ar fhorchostais ghinearálta faoi Chumasóir Straitéiseach C: Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú.

f. Réadmhaoin, Fearas & Trealamh

Luaitear sócmhainní seasta inlámhsithe ar chostas lúide dímheas carntha. Déantar an muirear le haghaidh dímheasa a ríomh chun costas na sócmhainní seasta inlámhsithe a dhíscríobh chuig a luach measta iarmharach, i dtráthchodanna bliantúla thar an saol úsáideach measta mar seo a leanas:

- Áitreabh - 4%
- Trealamh Ríomhaire - 25%
- Trealamh agus Troscán Oifige - 15%

Ní dhéantar sócmhainní seasta inlámhsithe a chosnaíonn níos lú ná €650 a chaipitliú.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú ar luach sócmhainne, aithnítear cailteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain.

g. Infháltais

Aithnítear ilnfháltais ar luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar ar leith é an soláthar d'fhiacha amhrasacha agus déantar é nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Bord Taighde Sláinte in ann na méideanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

h. Pinsin

De réir threoir an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta sna Ráitis Airgeadais le haghaidh dliteanais phinsin amach anseo. Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar comhaltaí na scéime iad chun sochar don Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta nuair a fhaightear iad. Déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim a mhuirearú ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta nuair a íoctar iad. Oibríonn an Bord Taighde Sláinte an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair freisin, ar scéim sochar sainithe í do sheirbhísigh poiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí comhaltaí sa Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

i. Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dírí thar thréimhse an léasa, seachas sa chás go bhfuil arduithe cíosa ann atá ceangailte leis an ráta bolscaireachta ionchasach. Sa chás sin, aithnítear na harduithe sin an tráth a dtabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

j. Sochair Fostaithe – Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail saoire bhliantúil mar chostas sa bhliain agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana san fhiigiúr infháltais sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

k. Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta Criticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndliteanas amhail dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus méideanna tuairiscithe an ioncaim agus na gcostas i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh torthaí iarbhíre a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is mó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

l. Lagú maidir le Daingneáin agus Feistis agus Trealamh

Rinneadh athbhreithniú maidir le laige ar shócmhainní a bhíonn faoi réir amúchta agus níor aithníodh aon laige in 2020.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

2. MAONIÚ TAIGHDE EILE		2020 €	2019 €
Déileáil le dúshláin mhóra sláinte			
Inserm	Comhchlár na hEorpa	-	1,456
Istituto Superiore di Sanità	Tionscadal Lear - le baint amach	-	7,411
Comhairle na nDoctúirí Leighis in Éirinn	Dámhachtainí Patrick Quinn as Taighde ar Ghalar Parkinson	118,020	128,021
Ospidéal Náisiúnta na Leanaí	An Fhondúireacht d'Ospidéal Náisiúnta na Leanaí – Scéim Chistiúcháin an BTS 2017	65,861	326,628
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)	BTS/FEÉ/Wellcome Trust	868,977	708,892
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)	Ciste Tacáíochta Straitéiseach d'Institiúidí	-	125,000
SAM-Éire	Comhpháirtíocht T&F SAM-na hÉireann	300,472	275,759
		1,353,330	1,573,166
Tacú le hidirghabhálacha cúraim sláinte			
Gníomhaireacht Sláinte Poiblí HSC (Tuaisceart Éireann)	Maoiniú Deistreoraithe	115,686	130,852
		115,686	130,852

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

Nóta 2 ar lean		2020 €	2019 €
Dírú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann			
Atlantic Philanthropies	Clár Taighde ar Néaltrú	106,718	239,460
An Roinn Dlí agus Cirt	An tInnéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí	95,423	97,024
Epilepsy Ireland	Bailiúchán Sonraí ar bhásanna de bharr Titimis	19,990	-
Ioncam ón AE	Ioncam ón AE	34,113	-
Gníomhaíocht Chomhpháirteach AE	Leigheas Pearsantaithe ERA Net	-	992
An Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA)	Rannchuidiú le Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí	79,590	79,590
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)	Saineolaí Forleithne	11,465	11,465
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)	Bailiúchán Sonraí ar bhásanna de bharr Féinmharaithe	118,647	98,350
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)	Comhar Taighde ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Othair	353,494	303,215
Gníomhaireacht Sláinte Poiblí HSC (Tuaisceart Éireann)	Líonra Taighde um Chúram Maolaitheach	33,307	35,000
Gníomhaireacht Sláinte Poiblí HSC (Tuaisceart Éireann)	Forbairt Acmhainne do Shintéis Fianaise	167,916	172,891
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre	Bailiúchán Sonraí ar bhásanna de bharr Timpistí Bóithre	57,242	-
		1,077,905	1,037,986

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

Nóta 2 ar lean		2020 €	2019 €
Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla			
Cumann Ailse na hÉireann	Comhaltachtaí um Chosc Ailse	-	11,552
		-	11,552
Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú			
Comhairle Taighde na hÉireann	COVID-19 – Gloch ar Fhreagairt Thapa	2,442,343	-
Comhairle Taighde na hÉireann	Ioncam ó PPI Ignite	252,880	190,015
		2,695,223	190,015
		5,242,144	2,943,571

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

3. DÉILEÁIL LE DÚSHLÁIN MHÓRA SLÁINTE		2020	2019
		€	€
Tacú le taighde ardchaighdeáin atá á stiúradh ag imscrúdaitheoirí agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta			
Dámhachtainí taighde	Comhaltacht Iardhochtúireachta le haghaidh Eolaí Cliniceora	90,754	-
	Comhdhámhachtainí Dochtúireachta	1,789,258	-
	Dámhachtainí Taighde Sláinte an BTS	472,254	2,463,722
	Dámhachtainí Taighde Aistrithigh BTS/FEÉ	-	315,569
	Carthanais Taighde Sláinte Éireann	297,482	-
	Deontais IMPACT	15,585	-
	Tionscadail faoi Stiúir ag Imscrúdaitheoirí	2,055,843	4,876,649
	Gréasán Altraí Taighde na hÉireann	48,966	34,523
	Grúpa do Charthanachtaí Taighde Leighis/Scéim chomhchistithe an BTS	354,263	1,006,393
	An Fhondúireacht d'Ospidéal Náisiúnta na Leanaí	65,861	326,628
	Dámhachtainí Patrick Quinn as Taighde ar Ghalar Parkinson	118,020	128,021
	Iomlán na ndámhachtainí taighde	5,308,286	9,151,505
Bainistiú clár	40,492	244,922	
	5,348,778	9,396,427	
Deiseanna comhchistithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in éineacht le gníomhaireachtaí agus institiúidí idirnáisiúnta			
Dámhachtainí taighde	Tionscnamh Comhphleanála AE – Fritsheasmhacht Fhrithmhiocróbach (AMR)	123,171	366,212
	Tionscnamh Comhphleanála AE – Aiste Bia Sláintiúil le haghaidh Saol Sláintiúil (HDHL)	155,000	220,000
	Tionscnamh Comhphleanála AE – Galair Néaraimheathlúcháin (JPND)	434,740	463,980
	BTS/Wellcome Trust – Clár Oiliúna Cliniciúil Acadúil na hÉireann	400,000	250,000
	Gradam GenderNet Plus 2018 BTS-IRC	100,000	168,666
	Comhpháirtíocht Taighde & Forbartha SAM-na hÉireann	955,412	678,714
	Comhpháirtíocht Taighde FEÉ, an BTS agus Wellcome	1,737,954	1,300,000
	Iomlán na ndámhachtainí taighde	3,906,277	3,447,572
	Bainistiú clár	17,291	53,899
	3,923,568	3,501,471	
	9,272,346	12,897,898	

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

4. TACÚ LE HIDIRGHABHÁLACHA CÚRAIM SLÁINTE		2020 €	2019 €
Tacú le dearadh agus le déanamh staidéar idirghabhála agus le meastóireacht orthu			
Dámhachtainí taighde	Líonraí Taighde do Thrialacha Cliniciúla - costais thíolactha	-	272,921
	Grúpa Taighde Éireann ar Oinceolaíocht Chliniciúil (ICORG)	3,143,056	3,143,057
	Seirbhísí Bainistithe Sonraí agus Staitistice do ICORG	418,564	418,564
	SOLIDARITY de chuid EDS	1,400,000	-
	Iomlán na ndámhachtainí taighde	4,961,620	3,834,542
Bainistiú clár	487,630	245,216	
	5,449,250	4,079,758	
Comhordú a éascú, rud a chumasóidh meicníochtaí agus comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta a fheabhsóidh líon, cáilíocht, ábharthacht agus tionchar na dtrialacha agus na staidéar idirghabhála in Éirinn			
Dámhachtainí taighde	Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht	2,329,752	3,709,101
	An Gréasán Bonneagair um Thaighde Cliniciúil Eorpach	189,683	189,683
	Dámhachtainí Taighde Sláinte	339,081	-
	BTS-Comhordú Taighde Chliniciúil Éireann	-	(268,016)
	Dámhachtainí Taighde Sláinte an BTS	-	964,101
	Líonra Taighde Modheolaíochta Trialacha an BTS	336,975	72,685
	Maoiniú Deistreoraithe	174,651	204,984
Iomlán na ndámhachtainí taighde	3,370,142	4,872,538	
Bainistiú clár	9,286	13,292	
	3,379,428	4,885,830	
	8,828,678	8,965,588	

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

5. DÍRÍÚ AR RIACHTANAIIS TAIGHDE CHÓRAS SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALTA NA HÉIREANN		2020 €	2019 €
<p>Tacú le taighde a dhíríonn ar cheisteanna lena mbaineann tábhacht náisiúnta don chleachtas cliniúil agus sláinte daonra agus cliniúil agus do bhainistiú seirbhísí sláinte, agus aistriú na dtorthaí taighde ina bpolasaithe agus/nó ina gcleachtas.</p>			
	Líonra Taighde Struchtúrtha na hInstitiúide Uile-Éireann um Chúram Ospíse agus Maolaitheach	-	70,000
	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	847,718	1,277,278
	Tionscadail Taighde Fheidhmigh sa Néaltrú	-	101,639
	Deontais um Thaighde Comhoibríoch Feidhmeach	-	114,490
	COVID-19 – Glaoch ar Fhreagairt Thapa	4,507,775	-
	Líonra Néaltraithe agus Néaraimheathlúchán Éireann	81,620	71,670
	Meastóireacht ar Chur i bhFeidhm Píolótach an Chreata um Sholáthar Foirne Sábháilte Altranais agus Meascán Scileanna	179,544	291,653
Dámhachtainí taighde	Dámhachtainí Taighde Sláinte	182,152	
	Ionaid Taighde Sláinte	-	(54,540)
	Dámhachtainí Taighde Sláinte an BTS	-	226,538
	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	(8,668)	(70,003)
	Líonra Taighde um Chúram Maolaitheach	66,614	-
	Comhoibriú Taighde le haghaidh Cáilíochta agus Sábháilteacht Othar	609,879	501,899
	Tionscadail um Anailísiú Sonraí Tánaisteacha	108,135	-
	Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Dhul in Aois (TILDA)	3,088,967	-
	lomlán na ndámhachtainí taighde	9,663,736	2,530,624
	Bainistiú clár	65,843	167,418
		9,729,579	2,698,042

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019

Nóta 5 ar lean	2020 €	2019 €
Sonraí ardchaighdeáin tráthúla agus ábhartha a chur ar fáil do pholasaí, pleanáil seirbhíse agus taighde trí chórais náisiúnta faisnéise sláinte an BTS		
An tInnéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí	200,670	166,090
Córas Náisiúnta Tuairiscithe um Chóireáil Drugaí	429,713	381,127
Córas Náisiúnta Tuairiscithe um Othair Chónaithe Shíciatracha	162,075	165,026
Bunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumais	407,076	309,036
Tionscadal Forbartha an Bhunachair Shonraí Náisiúnta	328,793	323,333
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre	51,980	-
An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc	145,237	131,208
	1,725,544	1,475,820
Bainistiú clár	87,560	120,574
	1,813,104	1,596,393

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

Nóta 5 ar lean		2020 €	2019 €
Gníomhaíochtaí sintéise fianaise agus aistriú eolais a chur chun cinn agus tacú leo d'fhonn cabhrú le lucht ceaptha polasaí, pleanálaithe seirbhíse agus soláthraithe seirbhíse cinní atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh			
Dámhachtainí taighde	Forbairt Acmhainne do Shintéis Fianaise	796,391	691,563
	Comhaltachtaí Oiliúna Cochrane	-	(107,023)
	Athbhreithnithe an BTS ar Chomhar in Éirinn um Éifeachtacht Chliniciúil	468,729	502,886
Iomlán na ndámhachtainí taighde		1,265,120	1,087,426
Bainistiú clár		26,025	72,022
		1,291,145	1,159,448
Straitéis um Alcól agus Drugaí		347,597	253,439
DrugNet Ireland		63,721	95,149
Príomhghníomhaíochtaí an Lárionaid Mhonatóireachta Eorpaigh um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí		172,509	175,027
Seirbhís Giniúna Fianaise an BTS		845,953	873,259
Leabharlann Drugaí Náisiúnta an BTS		338,383	251,568
		1,768,163	1,648,442
		3,059,308	2,807,890
		14,601,991	7,102,326

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

6. TACÚ LE TAIGHDEOIRÍ AGUS CEANNAIRÍ EISCEACHTÚLA		2020 €	2019 €
Tacú le cláir oiliúna Ph.D. den chéad scoth chun na daoine is fearr a mhealladh isteach i dtaighde sláinte			
Dámhachtainí taighde	Comhaltachtaí Gairme Sláinte	235,719	549,152
	Clár Acadúil Comhaltachta Náisiúnta do Speisialtóir is Cláraitheoirí/Cláraitheoirí Sinsearacha	-	5,063
	Clár Náisiúnta Comhaltachta Acadúla SpR/SR	74,756	
	Cláir na Scoláirí PhD	-	(138,691)
	Clár Struchtúrtha PhD in Oideachas ar Thaighde maidir le Daonra agus Seirbhísí Sláinte	27,693	-
Iomlán na ndámhachtainí taighde		338,168	415,524
Bainistiú clár		-	60,489
		338,168	476,013
Deiseanna forbartha gairme a chur ar fáil do thaighdeoirí iardhochtúireachta agus imscrúdaitheoirí nua			
Dámhachtainí taighde	Comhaltachtaí Iardhochtúireachta maidir leis an Taighde a Fheidhmiú i mBeartais agus i gCleachtais	404,733	355,422
	Taighde Altranais Ailse - Deontas Forbartha Tionscadail	-	10,000
	Comhaltacht Iardhochtúireachta le haghaidh Eolaí Cliniceora	347,861	
	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua don tSláinte	2,605,793	2,106,400
	Dámhachtainí do Mhéadú Acmhainne Idirhisciplíní	213,612	474,570
Iomlán na ndámhachtainí taighde		3,571,999	2,946,392
Bainistiú clár		88,177	96,496
		3,660,176	3,042,889

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

Nóta 6 ar lean		2020 €	2019 €
Obair a dhéanamh le hinstiúidí ardoideachais, grúpaí ospidéal agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun ceannairí sa taighde sláinte a shainathint agus a fhorbairt, agus tacú leo.			
Dámhachtainí taighde	Dámhachtainí Eolaithe Cliniciúla an BTS	-	(3,236)
	Íocaíocht Sochair Shóisialta do Cheannairí Taighde	118,797	22,106
lomlán na ndámhachtainí taighde		118,797	18,870
Bainistiú clár		53,310	97,201
		172,107	116,071
Obair a dhéanamh le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le traenáil agus deiseanna eolas a mhalartú a éascú chun dul i ngleic le bearnaí scileanna			
Dámhachtainí taighde	Clár Comhphárteach Eorpach ar Ghalair Neamhchoitianta (EJPRD)	131,103	-
	Deontas Oiliúna Choimisiún Fulbright	29,727	30,000
	Clár Intéirneachta an BTS	285,028	86,679
	Comhaltacht an BTS/CNÉ um Chosc Ailse	-	23,104
	Scéim Ulysses IRC 2018	-	10,000
	An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse Oiliúint CDSMC	-	8,322
	Curaclam Samhraidh Choláiste Náisiúnta na hÉireann (CNÉ) um Chosc Ailse	-	23,695
	Scoláireachtaí Mic Léinn Samhraidh	61,800	187,200
	lomlán na ndámhachtainí taighde	507,658	369,000
Bainistiú clár		22,946	15,561
		530,604	384,561
		4,701,055	4,019,533

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

7. TIMPEALLACHT LÁIDIR CHUMASÚCHÁIN A CHRUTHÚ		2020 €	2019 €
Obair a dhéanamh leis an Roinn Sláinte agus príomhpháirtithe leasmhara chun an clár oibre náisiúnta taighde a mhúnlú maidir le sláinte agus cúram sóisialta.			
Bainistiú clár		631,485	531,996
Ag tabhairt ceannasaíocht chun athbhreithniú, riaradh agus rialú taighde a mhúnlú.			
Dámhachtain taighde	Rannpháirtíocht Othar Poiblí - Dámhachtain Ignite	638,157	235,571
Iomlán na ndámhachtainí taighde		638,157	235,571
Bainistiú clár		1,105,183	648,430
		1,743,340	884,001
Ag cur le, agus ag baint tairbhe as forbairtí idirnáisiúnta maidir le polasaí, rialachán agus reachtaíocht a bhaineann le taighde sláinte agus cúram sláinte in Éirinn.			
Bainistiú clár		179,057	65,498
Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar taighde chun feabhas, mais chriticiúil agus comhordú a chur chun cinn d'fhonn tacú le réimsí fócais straitéiseacha an BTS agus leis an bpobal sláinte i gcoitinne.			
Dámhachtainí Taighde	Ardán na hÉireann um Eagraíochtaí Othar, Eolaíocht agus Tionscal	75,000	75,000
Iomlán na ndámhachtainí taighde		75,000	75,000
Bainistiú clár		54,446	181,607
		129,446	256,607
Tacú le taighdeoirí sláinte na hÉireann páirt a ghlacadh i bhFís 2020 agus i gcláir thaighde eile Eorpacha.			
Bainistiú clár		-	87,855
		2,683,328	1,825,956

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

8. FEIDHMÍOCHT EAGRÚCHÁIN A FHEABHSÚ	2020 €	2019 €
Timpeallacht oibre ardfheidhmíochta a chinntiú agus í bunaithe ar nuálaíocht, inoiriúnaitheacht agus obair foirne.		
Bainistiú agus riarachán clár	390,034	303,275
Cinnteoireacht thrédhearcach agus chuntasach, atá bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil, a chumasú.		
Bainistiú agus riarachán clár	792,070	431,023
A chinntiú go bhfuil córais agus próisis an BTS láidir, solúbtha agus inscálaithe.		
Bainistiú agus riarachán clár	2,557,152	2,661,020
Aithint luach an taighde sláinte agus ról náisiúnta agus idirnáisiúnta an BTS a fheabhsú.		
Bainistiú agus riarachán clár	267,634	528,742
	4,006,890	3,924,060

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

9. CAITEACHAS	2020	2019
9a – Miondealú ar Chaiteachas de réir Catagóire Caiteachais	€	€
Táillí Iniúchta	4,399	399
Táillí Iniúcháireachta – Táillí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	24,200	22,000
Seirbhísí Iniúchta – Iniúchadh inmheánach agus iniúchadh ar Institiúidí Óstaigh	44,668	160,896
Muirir Bhainc	17,641	13,710
Speansais an Bhoird	185	1,756
Táillí an Bhoird	34,471	28,401
Leabhair agus Irisleabhair (bunachair shonraí ar líne ina measc)	299,067	205,887
Táillí Bainistithe Foirgneamh	110,774	93,935
Muirir Reatha Foirgneamh	178,044	266,462
Taighde Coimisiúnaithe	279,639	256,145
Ríomhairí – Ceadúnais Bhliantúla	234,764	172,279
Ríomhairí – Trealamh TFC agus Costais Reatha	82,103	119,758
Ríomhairí – Tacaíocht, Cothabháil agus Forbairt Bogearraí	309,228	241,073
Seirbhísí ar Conradh	150,786	153,341
Foilseacháin Chorparáideacha	47,968	47,371
Comhairle Airgeadais	31,454	22,177
Fáilteachas	3,294	37,142
Sainchomhairleoireacht Acmhainní Daonna	23,004	29,865
Árachas, Cíos agus Rátaí	937,982	776,259
Seoltaí agus Imeachtaí	74,450	182,760
Seirbhís Bhainistithe – GEMS	114,568	105,780
Seirbhís Bhainistithe – Tacaíocht TFC	182,142	178,685
Seirbhís Bhainistithe – Táillí Dí	40,058	96,625
Seirbhís Bhainistithe – Monatóireacht ar na Meáin	14,387	17,540
Seirbhís Bhainistithe – Próiseáil Párolla	13,323	15,758
Comhaltachtaí	49,398	23,505
Cúrsaí Eagrúcháin	60,613	73,389

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

Nóta 9a. ar lean	2020 €	2019 €
Costais Eile Fostaithe	91,684	61,342
Costais Painéil agus Costais Dámhachtana Ghaolmhara	313,399	237,145
Ranníocaíochtaí Pinsin	(247,337)	(288,250)
Íocaíochtaí Pinsin	286,143	277,962
Costais Earcaíochta	65,622	768
Tuarascálacha (Foirmeacha agus Nuachtlitreacha san áireamh)	132,421	98,531
Tuarastail - Baill Foirne Gníomhaireachta	1,219,858	1,095,887
Tuarastail - Baill Foirne an BTS	4,994,881	4,565,774
Urraíocht	(16,970)	111,007
Costais Straitéise	80,654	148,722
Taisteal - Sa Bhaile	7,012	28,201
Taisteal - Thar Lear	15,814	33,863
Costais Láithreáin Ghréasáin	63,536	36,944
	10,369,327	9,750,797
Iomlán na ndámhachtainí taighde	33,724,961	28,984,564
	44,094,288	38,735,361

Tá roinnt figiúirí ó 2019 athdhearbhaithe i gcomhréir leis an t-athaicmiú a rinneadh ar chaiteachas in 2020

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

9. CAITEACHAS	2020	2020	2020
9b. - Caiteachas loncaim rangaithe de réir Réimse Straitéisigh	€	€	€
	Dámhachtainí Taighde	Caiteachas Iomlán ar Dhámhachtainí nach Dámhachtainí Taighde iad – de réir Nóta 9	Iomlán
Déileáil le dúshláin mhóra sláinte			
- Tacú le taighde ardchaighdeán atá á stiúradh ag imscrúdaitheoirí agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta	5,308,286	40,492	5,348,778
- Deiseanna comhchistithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in éineacht le gníomhaireachtaí agus institiúidí idirnáisiúnta	3,906,277	17,291	3,923,568
	9,214,563	57,782	9,272,346
Tacú le hidirghabhálacha cúraim sláinte			
- Tacú le dearadh agus le déanamh staidéar idirghabhála agus le meastóireacht orthu	4,961,620	487,630	5,449,250
- Comhordú a éascú, rud a chumasóidh meicníochtaí agus comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta a fheabhsóidh líon, cáilíocht, ábharthacht agus tionchar na dtrialacha agus na staidéar idirghabhála in Éirinn	3,370,143	9,286	3,379,428
	8,331,763	496,916	8,828,678
Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann			
- Tacú le taighde a dhíríonn ar cheisteanna lena mbaineann tábhacht náisiúnta don chleachtas cliniciúil agus sláinte daonra agus cliniciúil agus do bhainistiú seirbhísí sláinte, agus aistriú na dtorthaí taighde ina bpolasaithe agus/nó ina gcleachtas.	9,663,736	65,843	9,729,579
- Sonraí ardchaighdeán tráthúla agus ábhartha a chur ar fáil do pholasaí, pleanáil seirbhíse agus taighde trí chórais náisiúnta faisnéise sláinte an BTS	-	1,813,104	1,813,104
- Gníomhaíochtaí sintéise fianaise agus aistrithe eolais a chur chun cinn agus tacú leo d'fhonn cabhrú le lucht ceaptha polasaí, pleanálaithe seirbhíse agus soláthraithe seirbhíse cinntí atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh.	1,265,120	1,794,188	3,059,308
	10,928,856	3,673,135	14,601,991

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

Nóta 9b. ar lean	2020 €	2020 €	2020 €
	Dámhachtainí Taighde	Caiteachas Iomlán ar Dhámhachtainí nach Dámhachtainí Taighde iad – de réir Nóta 9	Iomlán
Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla			
- Tacú le cláir oiliúna Ph.D. den chéad scoth chun na daoine is fearr a mhealladh isteach idtaighde sláinte	338,168	-	338,168
- Deiseanna forbartha gairme a chur ar fáil do thaighdeoirí iardhochtúireachta agus imscrúdaitheoirí nua	3,571,999	88,177	3,660,176
- Obair a dhéanamh le hinstitiúidí ardoideachais, grúpaí ospidéal agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun ceannairí sa taighde sláinte a shainaitheint agus a fhorbairt, agus tacú leo	118,797	53,310	172,107
- Obair a dhéanamh le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le traenáil agus deiseanna eolas a mhalartú a éascú chun dul ingléic le bearnaí scileanna	507,658	22,946	530,604
	4,536,622	164,433	4,701,055
Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú			
- Obair a dhéanamh leis an Roinn Sláinte agus príomhpháirtithe leasmhara chun an clár oibre náisiúnta taighde a mhúnlú maidir le sláinte agus cúram sóisialta	-	631,485	631,485
- Ag tabhairt ceannasaíocht chun athbhreithniú, riaradh agus rialú taighde a mhúnlú	638,157	1,105,183	1,743,340
- Ag cur le, agus ag baint tairbhe as forbairtí idirnáisiúnta maidir le polasaí, rialachán agus reachtaíocht a bhaineann le taighde sláinte agus cúram sláinte in Éirinn	-	179,057	179,057
- Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar taighde chun feabhas, mais chriticiúil agus comhordú a chur chun cinn d'fhonn tacú le réimsí fócais straitéiseacha an BTS agus leis anbpobal sláinte i gcoitinne	75,000	54,446	129,446
- Tacú le taighdeoirí sláinte na hÉireann páirt a ghlacadh i bhFís 2020 agus i gcláir taighde eile Eorpacha	-	-	-
	713,157	1,970,171	2,683,328

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

Nóta 9b. ar lean	2020 €	2020 €	2020 €
	Dámhachtainí Taighde	Caiteachas Iomlán ar Dhámhachtainí nach Dámhachtainí Taighde iad – de réir Nóta 9	Iomlán
Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú			
- Timpeallacht oibre ardfheidhmíochta a chinntiú agus í bunaithe ar nuálaíocht, inoiriúnaitheacht agus obair foirne	-	390,034	390,034
- Cinnteoireacht thrédhearcach agus chuntasach, atá bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil, a chumasú	-	792,070	792,070
- A chinntiú go bhfuil córais agus próisis an BTS láidir, solúbtha agus inscálaithe	-	2,557,152	2,557,152
- Aithint luach an taighde sláinte agus ról náisiúnta agus idirnáisiúnta an BTS a fheabhsú	-	267,634	267,634
	-	4,006,890	4,006,890
Iomlán an Chaiteachais Ioncaim	33,724,961	10,369,327	44,094,288

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

10. PINSIN ÍOCTHA LE BAILL FOIRNE SCORTHA	2020 €	2019 €
Íocaíochtaí Pinsin	286,143	277,962
Lúide: Ranníocaíochtaí ó Bhaill Foirne Reatha	(247,337)	(244,164)
Ranníocaíochtaí i ndáil le Baill Foirne ar lasacht	(34,825)	(44,086)
	3,982	(10,287)

11. COSTAIS FOSTAITHE	2020	2019
Luach saothair agus costais pá eile (€)	4,994,881	4,565,774
Líon foirne fostaithe an 31 Nollaig (coibhéis lánaimseartha)	75.5	68.2

Asbhaineadh €185,643 den tobhach pinsin (2019: €196,894) agus íocadh leis an Roinn Sláinte é.

Réimse Shochair Fostaithe Iomlána		Líon Fostaithe	
Ó	Go	2020	2019
€60,000	– €69,999	9	10
€70,000	– €79,999	4	2
€80,000	– €89,999	12	10
€90,000	– €99,999	6	6
€100,000	– €109,999	1	2
€110,000	– €119,999	1	–
€130,000	– €139,999	1	–
€140,000	– €149,999	–	1

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

12. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH	2020 €	2019 €
An Dr Darrin Morrissey (Pá Comhlán)	66,141	140,085
An Dr Darrin Morrissey (ÁSPC Fostóirí)	7,191	14,522
An Dr Mairead O'Driscoll (Pá Comhlán)	82,148	-
An Dr Mairead O'Driscoll (ÁSPC Fostóirí)	8,314	-
	163,794	154,607

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais ná dámhachtainí le sealbhóirí phoist an Phríomhfheidhmeannaigh in 2020 ná in 2019. €361.57 (2019 €2,676) a íocadh leis an Dr Darrin Morrissey in 2020 i gcostais thaistil agus chothaithe. Ní bhfuair an Dr Mairead O'Driscoll aon chostais in 2020.

13. TÁILLÍ CHOMHALTAÍ AN BHOIRD	2020 €	2019 €
An Dr Jane Grimson (Cathaoirleach)	10,908	13,011
An tUas. John McCormack	3,472	7,695
An tOll. Bernadette Hannigan	7,695	7,695
T Cunningham	12,396	
	34,471	28,401

B'ionann costais Chomhaltáí an Bhoird in 2020 agus €185 (€1,796 in 2019).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

14. TACÚ LE HIDIRGHABHÁLACHA CÚRAIM SLÁINTE	2020	2019
	€	€
Tacú le dearadh agus le déanamh staidéar idirghabhála agus le meastóireacht orthu.		
Comhordú Taighde Chliniciúil Éireann	1,081,780	427,559
Comhordú a éascú, rud a chumasóidh meicníochtaí agus comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta a fheabhsóidh líon, cáilíocht, ábharthacht agus tionchar na dtrialacha agus na dtuarascálacha staidéir idirghabhála in Éirinn.		
Gréasáin Trialacha Taighde Cliniciúla	665,581	1,269,421
	1,747,361	1,696,980
15. DÍRIÚ AR RIACHTANAIS TAIGHDE CHÓRAS SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALTA NA HÉIREANN	2020	2019
	€	€
Tacú le taighde a dhíríonn ar cheisteanna lena mbaineann tábhacht náisiúnta don chleachtas cliniciúil agus sláinte daonra agus cliniciúil agus do bhainistiú seirbhísí sláinte, agus aistriú na dtorthaí taighde ina bpolasaithe agus/nó ina gcleachtas.		
Ionaid Taighde Sláinte an BTS	487,696	576,183
Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Dhul in Aois: Forlíonadh ar Mhíchumas Intleachta	571,865	478,266
	1,059,561	1,054,449
Sonraí ardchaighdeán tráthúla agus ábhartha a chur ar fáil do pholasaí, pleanáil seirbhíse agus taighde trí chórais náisiúnta faisnéise sláinte an BTS (CNFS).		
Tionscadal Náisiúnta an Bhunachair Shonraí	-	9,921
	1,059,561	1,064,370

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

16. TACÚ LE TAIGHDEOIRÍ AGUS CEANNAIRÍ EISCEACHTÚLA	2020 €	2019 €
Tacú le cláir oiliúna Ph.D. den chéad scoth chun na daoine is fearr a mhealladh isteach i dtaighde sláinte.		
Oideachas Taighde um Shláinte agus Daonra Struchtúrtha (SPHeRE)	944,891	1,348,552
Obair a dhéanamh le hinstiúidí ardoideachais, grúpaí ospidéal agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun ceannairí sa taighde sláinte a shainthint agus a fhorbairt, agus tacú leo.		
Dámhachtainí Cheannairí Taighde an BTS	2,136,165	2,082,748
	3,081,056	3,431,300
17. TIMPEALLACHT LÁIDIR CHUMASÚCHÁIN A CHRUTHÚ	2020 €	2019 €
Deiseanna forbartha gairme a chur ar fáil do thaighdeoirí iardhoctúireachta agus imscrúdaitheoirí nua		
Dámhachtainí le haghaidh Eolaí Cliniciúil atá ag teacht chun cinn	762,300	-
Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar taighde chun feabhas, mais chriticiúil agus comhordú a chur chun cinn d'fhonn tacú le réimsí fócais straitéiseacha an BTS agus leis an bpobal sláinte i gcoitinne.		
Saoráid Taighde Chliniciúil – Céim II Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh	2,754,453	2,198,669
Dámhachtain le haghaidh Samhail Theicniúil um Chruthúnas Coincheapa do Rochtain, Stóráil, Roinnt agus Nascadh Sonraí 2019	185,584	184,416
	2,940,037	2,383,085
	3,702,337	2,383,085

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

18. FEIDHMÍOCHT EAGRÚCHÁIN A FHEABHSÚ	2020 €	2019 €
A chinntiú go bhfuil córais agus próisis an BTS láidir, solúbtha agus inscálaithe.		
Forbairt bogearraí, ceadúnais agus uirlisí bogearraí biblimhéadracha	131,960	35,117
Crua-earraí ríomhaire	1,230	8,929
	133,190	44,046

19. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Áitreabh* €	Troscán & Trealamh Oifige €	Ríomhairí €	Iomlán €
Costas				
Ag Tús na Bliana	384,785	896,511	249,243	1,530,539
Breiseanna	-	-	27,304	27,304
Diúscairtí	-	-	-	-
Ag Deireadh na Bliana	384,785	896,511	276,547	1,557,843
Dímheas				
Ag Tús na Bliana	384,785	777,007	210,139	1,371,930
Muirear don Bhliain		91,894	25,556	117,450
Diúscairtí	-	-	-	-
Ag Deireadh na Bliana	384,785	868,901	235,695	1,489,380
Glanluach de réir na Leabhar				
Amhail ar an 31 Nollaig 2019	-	27,611	40,852	68,463
Amhail ar an 31 Nollaig 2018	-	119,505	39,104	158,609

* D'fhág an Bord Taighde Sláinte áitreabh ar leis é ag 73 Sráid Bhagóid Íochtarach i mí Iúil 2014 agus d'aistrigh na baill foirne go léir go dtí áitreabh nua ar léas ag 67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach. Dheonaigh an BTS an foirgneamh d'Oifig na nOibreacha Poiblí le ceadúnas ón 25 Samhain 2014 ar chostas €1 agus baineann an Coimisiún Máithreacha agus Leanáí úsáid as anois.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

20. INFHÁLTAIS	2020 €	2019 €
Féichiúnaithe	829,591	1,028,999
Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Éagsúla	338,768	23,848
	1,168,359	1,052,847
21. INFHEISTÍOCHTAÍ	2020 €	2019 €
Duaisbhannaí (ar a gcostas)	641	641
22. SUIMEANNA INÍOCTHA <i>Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:</i>	2020 €	2019 €
Creidiúnaithe agus Fabhruithe eile	1,292,519	1,112,805
Ioncam larchurtha	218,377	106,718
	1,510,896	1,219,523
23. SUIMEANNA INÍOCTHA <i>Méideanna dlite laistigh de thréimhse is mó ná bhliain amháin:</i>	2020 €	2019 €
Sochar larchurtha ó Thréimhse Saor ó Chíos		
larmhéid Tosaigh amhail ar an 1 Eanáir 2019	469,079	415,389
Méadú ar Shochar larchurtha sa Tréimhse	-	92,989
Scaoileadh Sochair larchurtha a bhaineann leis an mBliain Reatha	(45,756)	(39,298)
larmhéid Deiridh amhail ar an 31 Nollaig 2019	423,323	469,079

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

24. CÚLCHISTE CAIPITIL	2020 €	2019 €
Ag Tús na Bliana	159,127	257,862
Caiteachas ón gCuntas Caipitil chun Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú	18,185	27,662
Aistriú ón gCuntas Ioncaim chun Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú	9,119	26,361
Muirear Dímheasa don bhliain	(117,450)	(152,758)
Ag Deireadh na Bliana	68,981	159,127

25. ANAILÍS AR AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID THIRIM	2020 €	2019 €
Ag Tús na Bliana	119,686	381,939
Sreabhadh Airgid (gluaiseacht sa bhliain)	112,423	(262,253)
Ag Deireadh na Bliana	232,109	119,686

26. LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN	2019 €	2019 €
Bhí dhá léas réadmhaoine ag an mBord Taighde Sláinte i rith 2019, a bhfuil na gealltanais seo a leanas aige ina leith:		
Iníoctha laistigh de Bhliain Amháin	954,492	954,492
Iníoctha laistigh de Dhá Bhliain go Cúig Bliana	3,817,969	3,817,969
Iníoctha tar éis Cúig Bliana	8,105,231	9,059,723
	12,877,692	13,832,184

B'ionann na híocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas in 2020 agus €950,612 (2019: €660,628).

Sealbháíodh an réadmhaoin seo ag Teach Grattan, 67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 trí bhíthin léasa 15 bliana a thosaigh ar an 4 Iúil 2014 ar dtús. Tá an léas faoi réir athbhreithnithe gach cúig bliana agus is é €416,100 in aghaidh na bliana an ráta tosaigh cíosa. Bhí an chéad 17 mí den léas gan chíos agus rinneadh an chéad íocaíocht cíosa de €31,920 i mí na Nollag 2015. Tá sochar na tréimhse saor ó chíos leathnaithe thar shaolré an léasa. Nuair a rinneadh an chéad athbhreithniú cíosa i Meitheamh 2019 leathnaíodh an léas chun an tríú hurlár i dTeach Grattan a chur san áireamh agus ardaíodh an cíos bliantúil go €954,492 in aghaidh na bliana. Leathnaíodh téarma an léasa go dtí an 27 Meitheamh 2034. Bhí an chéad chúig mhí den léas don tríú hurlár amháin saor ó chíos. Tá sochar na tréimhse saor ó chíos leathnaithe thar shaolré an léasa.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

27. GEALLTANAIS DEONTAIS ATHRUITHE AR GHEALLTANAIS DEONTAIS I RITH NA BLIANA	2020 €	2019 €
Iarmhéid Tosaigh	108,053,066	117,880,917
Deontais/Costais Shóisialta a Deonaíodh i Rith na Bliana	42,402,184	30,365,496
Deontais/Costais Shóisialta a Saoradh i Rith na Bliana	(2,162,308)	(1,355,183)
Íocaíochtaí ar Dhámhachtainí i Rith na Bliana	(43,315,276)	(38,838,164)
Gealltanais deontais gan íoc amhail ar an 31 Nollaig	104,977,666	108,053,066

28. LEASANNA CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Ó am go ham, tugtar deontais do chomhlachtaí a bhfuil nasc ag comhaltaí leo, bíodh sin trí fhostaíocht nó ar bhealach eile. Tá nósanna imeachta ar bun ag an mBord chun déileáil le coimhlintí leasa de réir théarmaí alt 13 d'ionstraim reachtúil an Bhoird.

Féach Nóta 12 chun miondealú ar luach saothair agus sochair a íoctar leis an bpríomhlucht bainistíochta a fheiceáil.

29. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDE

Rinneadh athaicmiú ar chaiteachas in 2016 chun bheith ar aon líne le réimsí fócais agus cumasóirí a leagtar amach i Straitéis an BTS 2016–2020 *Taighde. Fianaise. Gníomh.*

30. FAOMHADH AN BHOIRD

D'fhormheas an Bord na ráitis airgeadais ar an 30 Samhain 2021

Nótaí



Nótaí



An Bord Taighde Sláinte
Teach Grattan
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638
Éire

Health Research Board
Grattan House
67-72 Lower Mount Street
Dublin 2
D02 H638
Ireland

t +353 1 234 5000
r hrb@hrb.ie
sg www.hrb.ie

 [@hrbireland](https://twitter.com/hrbireland)